A fhir thagras an chaint bhaoth

[McKenna, L. *Iomarbhágh na bhFileadh* (Irish Texts Society, vols 20, 21, 1918); no. 27]

Art Óg Ó Caoimh .cct.

1 A fhir thagras an chaint bhaoth
ainic leat nach saobh dod chéill
caint gan tábhacht acht a fuaim
i mbéalaibh cáich uaibh i gcéin.

2 Is dearbh dámadh deimhin leat
go bhfaightheá-sa cead ón rígh
nach cian do haithreostaoi uaibh
cinn ná cána do bhuain dinn.

3 Ó taoi-se ag adhradh don tsíoth
gidh ro-bheag ar mbríogh id neart
badh lugha id chogadh ar suim
is Leath Chuinn ag congnamh leat.

4 Glór an tsionnaigh ris an gclog
ní beag nod dá chur i suim
go leigfeadh Leath Mogha mhór
a gcána le slógh o gCuinn

5 Gníomh ain-nirt ag ollamh mhear
gnáth ag neach gan neart ná cóir
an t-uisge tana as mhó fuaim
samhail sin re huaill do ghlóir.

6 A Mhic Dhiarmuda ó Mhuigh Luirg
bíodh gur do chuirm tháinig sé
le comhrádh badh cóir do cheilt
níor chubhaidh dheit bheith id fhréimh.

7 An tan do labhrais an glór
atáid cách go mór dá mheas
gur dhearbh libh nach biadh do gheall
le tagra ar gceann do bhreith leat.

8 Ar a rádh go mbéartha ar ngeall
gé bheitheá teann as a los
níor churtha dhuit dar mo mhóid
i n-ionad Aodha óig do chos.

9 Mac Í Dhomhnaill an saoi glic
níor dhulta dhuit ina ghlas

sean-fhocal ré rádh i n-am
ní hionann dul ann is as.

10 Más tusa ar Aodh óg is ua
mac Í Dhomhnaill na gcuach nocht
fogus mo ghaol-sa d’fhuil Bhriain
mo lámh-sa réd ghliaidh do chosg.

11 Má tá tusa a Bhriain mhic Bhriain
it urradh gliadh ag Leath Chuinn
atáim do Mhumhain Mhic Chon
gabhaim do chosg ar mo chuing.

12 A fhir chroidhe don taoibh thuaidh
nar chan sibh gidh suaill mo bhríogh
gibé do choisgfeadh do ghlór
gabhaim re hais clódh do ghníomh.

13 Ort is an chéim-se a fhir thuaidh
atá breith buaidh ar mo láimh
mo ghlór ní comhrádh le cleith
ná measaidh gur breith le báidh.

14 Muna maireadh acht mé féin
do shíol Éibhir is é a fhíor
ar do shíothcháin gidh beag troigh
ní thiubhrainn duibh don taoibh thíos.

15 Iomdha fáth nar dhéanta dhíbh
saobh an ní fá dtugais láimh
urruinn an mhadra don mheall
is é sin do cheann don dáil.

16 Ní leanta ar chomhrádh do shíor
i síodh ná i gcogadh gan cheilg
go samlam iomghuin fa seach
nocha mbia teacht tar ar bhfeirg.

17 Ó taoi-se ar shíothcháin an ríogh
a fhir thíos a-dubhairt ró
uch dámhadh é an cogadh ann
ní chuiriobh barr air as mhó.

18 [Ar Leath Chuinn gidh cruaidh an cheisd
ag soin uaim mo cheisd gan chailg
rugadh m’athair róm im ré
sloinntear mar sin mé gan mairg.

19 Cú Chuluinn bhar dtíre thuaidh

Aodh Ó Domhnaill sultmhar rú
mac Í Bhriain ar a bholg
do ghaibh re hais tolg a crú.]